2016. M88

Coimisiún na Scrúduithe Stáit

| SCRÚDUIMHIR |
|---|
| |

| Stampa an Ionaid |
|---|
| |

*Scrúdú na hArdteistiméireachta, 2016*

# *Gaeilge Bonnleibhéal*

**Cluastuiscint, Léamhthuiscint agus Scríobh na Teanga**

360 MARC

**Dé Luain**
**13 Meitheamh**
**Tráthnóna, 2.00 go dtí 4.20**


| *Don Scrúdaitheoir* | |
|---|---|
| **CLUASTUISCINT** | |
| **CEIST** | **MARC** |
| **1** | |
| **2** | |
| **3** | |
| **4** | |
| **5** | |
| **6** | |
| **7** | |
| **8** | |
| **Iomlán** | |

| *Don Scrúdaitheoir* | |
|---|---|
| **CEIST** | **MARC** |
| **1** | |
| **2** | |
| **3** | |
| **4** | |
| **5** | |
| – | – |
| **IOMLÁN (1-5)** | |
| **CT** | |
| **MÓRIOMLÁN** | |
| **GRÁD** | |

## CUID I: CLUASTUISCINT – (120 marc)

Freagair **gach** ceist. Tá na treoracha don chuid seo ar an dlúthdhiosca.
Cuir **tic** (✓) leis an bhfreagra ceart i ngach cás.

**Ceist 1 (a)** Cén post atá ag Ciara faoi láthair?











**Ceist 1 (b)** Cad a chaitheann Ciara nuair a bhíonn sí sa stiúideo raidió?

| | |
|---|---|
| Gúna faiseanta | |
| T-léine agus jíons | |
| Spéaclaí gréine | |

**Ceist 2 (a)** Cén obair atá ar siúl ag Diarmaid anois?












**Ceist 2 (b)** Cad a fhaigheann Diarmaid nuair a bhíonn an aimsir go dona?

| | |
|---|---|
| Airgead maith | |
| Trálaer nua | |
| Sos breá | |

**Ceist 3** Cá bhfuil an bhean ag dul?




**Ceist 4** Cá bhfuil stáisiún na ngardaí? (Cuir **tic** (✓) sa bhosca ceart.)




**Tá an fear anseo**

**Ceist 5 (a)** Conas a bhí an aimsir i bPort Mearnóg Dé Sathairn?



**Ceist 5 (b)** Cé a thit i laige de bharr an teasa?

| | |
|---|---|
| Beirt chailíní | |
| Buachaill óg | |
| Seanbhean | |

**Ceist 6 (a)** Cén áit a mbeidh Nuala ag obair sa samhradh?

| | |
|---|---|
| I siopa leabhar | |
| I mbialann | |
| Ar fheirm | |

**Ceist 6 (b)** Cén t-am a thosóidh Pól ag obair gach oíche?

| | |
|---|---|
| A trí a chlog | |
| A sé a chlog | |
| A deich a chlog | |

**Ceist 7 (a)** Cén lá a bheidh an glantachán mór ar siúl sa sráidbhaile?

| | |
|---|---|
| Déardaoin | |
| Dé Sathairn | |
| Dé Domhnaigh | |

**Ceist 7 (b)** Cén obair a dhéanfaidh Liam?

| | |
|---|---|
| Péinteáil | |
| Bláthanna a chur | |
| Bruscar a bhailiú | |

**Ceist 8 (a)** Cén fáth a bhfuil Barra ag dul go dtí an t-ionad sláinte?

| | |
|---|---|
| Tá sé breoite | |
| Chun oideas a bhailiú | |
| Chun bille a íoc | |

**Ceist 8 (b)** Cén áit a raibh an sparán an t-am ar fad?

| | |
|---|---|
| Sa charr | |
| Ar an mbord | |
| Sa seomra feithimh | |


**Nuair a bheidh an Chluastuiscint críochnaithe agat lean ar aghaidh agus freagair na ceisteanna eile ar na leathanaigh 5 – 17 sa fhreagarleabhar seo.**

**CUID II: ROINN I – LÉAMHTHUISCINT** **(150 marc)**

FREAGAIR **GACH** CEIST (**1**, **2** *agus* **3**).

**Ceist 1** Meaitseáil na pictiúir leis na fógraí / comharthaí agus scríobh síos an litir cheart sa bhosca in aice leis an uimhir cheart atá sa ghreille. (40 marc)

| | | Uimhir | Litir |
|---|---|---|---|
| 1. | **Bealach siúlóide amháin**<br>Cosc ar Rothaíocht | 1 | |
| 2. | Ranganna Gaeilge<br>Dé Luain 8 – 9.30 p.m.<br>Gael Linn | 2 | |
| 3. | Na Cluichí Oilimpeacha<br>5-21 Lúnasa<br>Rio de Janeiro | 3 | |
| 4. | **Tiomáin go mall**<br>Bóthar faoi leac oighir | 4 | |
| 5. | **Ardaitheoir**<br>Spás do cheathrar<br>ar a mhéad | 5 | |
| 6. | Stáisiún Dóiteáin<br>Ná páirceáil anseo<br>in am ar bith | 6 | |
| 7. | **"Picnic Leictreach 2016"**<br>**Ceol den scoth**<br>Ceannaigh do thicéad ar líne | 7 | |
| 8. | **Campa Camógaíochta**<br>**do chailíní 13-15**<br>**Gach eolas ó 083 541778** | 8 | |
| 9. | Turas Tíreolaíochta<br>go sléibhte Mhaigh Eo<br>Bus ón scoil ar 8.00 a.m. | 9 | |
| 10. | Fadhb Leictreachais?<br>*Leictreoir cáilithe ar fáil*<br>*Aindí – 092 34456* | 10 | |



**Ceist 2** Freagair do rogha **dhá cheann** de (a), (b), (c) anseo thíos. **(50 marc)**

**(a)** Léigh **an litir** atá anseo thíos agus freagair na ceisteanna ar fad atá fúithi. (25 marc)

An tIonad Turasóireachta,
An Fhaiche Mhór,
Gaillimh.

10 Márta, 2016.

Aisling Ní Dhálaigh,
Sráid Eoin,
Inis,
Co. an Chláir.

A Aisling, a chara,

Go raibh maith agat as an CV a sheol tú chugam ar an 29 Feabhra.

Feicim ón CV go bhfuil taithí agat ar bheith ag plé le turasóirí. Chaith tú sé bliana ar an meánscoil agus ansin dhá bhliain ag obair in Aerfort na Sionainne. Chomh maith leis sin, tá teangacha iasachta ar do thoil agat. Fuair tú grád A sa Ghearmáinis agus grád B sa Fhraincis san Ardteistiméireacht, trí bliana ó shin. Tá scileanna maithe ríomhaireachta agat agus tá cur amach maith agat ar an taobh seo tíre freisin. Mar chaitheamh aimsire, is breá leat a bheith ag imirt peile le do chlub áitiúil.

Tá foirm iarratais in éineacht leis an litir seo. Ba cheart duit an fhoirm iarratais a líonadh anois agus í a chur ar ais chugam ag an seoladh thuas roimh an 21 Márta. Ná déan dearmad do sheoladh ríomhphoist a scríobh ar an bhfoirm. Tá trí phost mar chúntóir san ionad turasóireachta ar fáil don samhradh. Beidh agallaimh ar siúl ag tús mhí Aibreáin. Gheobhaidh tú gach eolas faoi rátaí pá agus faoi choinníollacha oibre ag an agallamh.

Is mise,
Gráinne Ní Ghallchóir
Stiúrthóir

**Ceisteanna**

**1.** Cathain a sheol Aisling an CV isteach?

| | |
|---|---|
| 29 Feabhra | |
| 10 Márta | |
| 21 Márta | |

**2.** Cén grád a fuair Aisling sa Fhraincis san Ardteistiméireacht?

| | |
|---|---|
| Grád A | |
| Grád B | |
| Grád C | |

**3.** Cén caitheamh aimsire atá ag Aisling?

| | |
|---|---|
| Ríomhairí | |
| Peil | |
| Teangacha | |

**4.** Cad atá le líonadh ag Aisling anois?

| | |
|---|---|
| Ríomhphost | |
| Litir | |
| Foirm iarratais | |

**5.** Cén post atá ag Gráinne Ní Ghallchóir?

| | |
|---|---|
| Stiúrthóir | |
| Cúntóir | |
| Turasóir | |

**(b)** Léigh **an bróisiúr** atá anseo thíos agus freagair na ceisteanna ar fad atá faoi. (25 marc)




# Cuireadh ó Chúil Aodha

Is iomaí ceantar Gaeltachta atá suite cois trá nó ar oileán. Ní mar sin atá Cúil Aodha, baile álainn Gaeltachta atá suite i measc na gcnoc i gContae Chorcaí. Is fiú cuairt a thabhairt ar an áit álainn seo ina bhfuil ceol, teanga agus cultúr na nGael ina steillbheatha.

Imigh siar ó Chathair Chorcaí, thar Mhaigh Chromtha agus sroichfidh tú Baile Bhuirne, an baile is gaire do Chúil Aodha. Cas ó dheas ansin i dtreo na muilte gaoithe ar bharr na gcnoc. Téigh isteach sa ghleann agus lean ar aghaidh go sráidbhaile Chúil Aodha.

Bhí cónaí ar an gcumadóir cáiliúil ceoil Seán Ó Riada sa cheantar seo. Bhunaigh Seán "Cór Chúil Aodha". Tá clú agus cáil ar an gcór seo ar fud an domhain. Bíonn siad ag canadh sa séipéal gach Domhnach. Tá ionad cultúrtha in aice le Cúil Aodha agus bíonn ceol, amhránaíocht agus rince ar siúl ann go minic.

Tá an amhránaíocht ar an sean-nós beo láidir anseo i gCúil Aodha. Déan dearmad ar an bpopcheol agus ar an rac-cheol ar feadh tamaill agus bain sult as ceol álainn an cheantair seo.

Cuirtear fáilte roimh fhoghlaimeoirí Gaeilge i gcónaí. Lig do scíth linn anseo agus bain triail as an nGaeilge a labhairt le muintir na háite.

## Beidh Fáilte Romhat i gCúil Aodha

**Ceisteanna**

**1.** Cá bhfuil Cúil Aodha suite?

| | |
|---|---|
| Ar oileán | |
| Cois trá | |
| I measc na gcnoc | |

**2.** Cad é an baile is gaire do Chúil Aodha?

| | |
|---|---|
| Baile Bhuirne | |
| Corcaigh | |
| Maigh Chromtha | |

**3.** Cá bhfuil na muilte gaoithe sa cheantar seo?

| | |
|---|---|
| Sa ghleann | |
| Ar bharr na gcnoc | |
| Sa sráidbhaile | |

**4.** Cad a bhunaigh Seán Ó Riada sa cheantar seo?

| | |
|---|---|
| Cór Chúil Aodha | |
| Séipéal Chúil Aodha | |
| Ionad cultúrtha | |

**5.** Cad atá beo láidir i gCúil Aodha?

| | |
|---|---|
| Rac-cheol | |
| Popcheol | |
| Amhránaíocht ar an sean-nós | |


**(c)** Léigh an **scéal nuachta** atá anseo thíos agus freagair na ceisteanna ar fad atá faoi. (25 marc)

# Oíche na Stoirme Móire

Is minic a tharlaíonn stoirmeacha uafásacha idir mí na Samhna agus mí Feabhra. Ach i mí an Mhárta i mbliana, rinne stoirm mhór go leor damáiste in iarthuaisceart na tíre.

An tráthnóna sin bhí muintir Uí Néill, a chónaíonn trí mhíle ón gcósta, ag ithe an dinnéir sa chistin nuair a chuala siad fear na haimsire ar an raidió. Dúirt sé go raibh stoirm mhór ag teacht. Bhí sceitimíní ar na páistí óga ach ba chuma leis na déagóirí. Thuig na tuismitheoirí, áfach, gur féidir le stoirm mhór a lán damáiste a dhéanamh agus bhí eagla orthu. Ar a hocht a chlog, chuala siad fuaim na gaoithe ag méadú. Thosaigh na crainn lasmuigh ag luascadh anonn agus anall. Bhí géaga beaga ag eitilt san aer. Ba ghearr go raibh torann dochreidte le cloisteáil.

Istigh sa teach bhí na doirse agus na fuinneoga go léir dúnta. Nuair a theip ar an leictreachas, bhailigh an teaghlach ar fad isteach sa seomra suí le chéile. Las siad coinnle. Ní raibh fonn cainte ar aon duine. Chuala siad gloine á briseadh. Shíl siad gur lasmuigh a tharla sé. D'imir siad cártaí chun faoiseamh a fháil ón stoirm. Lean an gála gaoithe go dtí a ceathair a chlog ar maidin. Níor chodail aon duine an oíche sin.



An mhaidin dár gcionn, chonaic siad an scrios a rinne an stoirm le linn na hoíche. Bhí poll mór i ndíon an tí. Bhí na fuinneoga thuas staighre briste ina smidiríní. Bhí crann leagtha in aice leis an teach agus bhí an bothán adhmaid bunoscionn sa ghairdín. Bhí an damáiste costasach ach bhí áthas ar an teaghlach nach raibh aon duine gortaithe.

**Ceisteanna**

**1.** Cén mhí inar tharla an stoirm mhór seo?

| | |
|---|---|
| Mí Feabhra | |
| Mí an Mhárta | |
| Mí na Samhna | |

**2.** Cé a thuig gur féidir le stoirm mhór a lán damáiste a dhéanamh?

| | |
|---|---|
| Na déagóirí | |
| Na tuismitheoirí | |
| Na páistí óga | |

**3.** Cén áit inar bhailigh an teaghlach ar fad le chéile?

| | |
|---|---|
| Sa chistin | |
| Thuas staighre | |
| Sa seomra suí | |

**4.** Cad a rinne siad le linn na stoirme?

| | |
|---|---|
| D'imir siad cártaí | |
| Bhí siad ag caint | |
| Chodail siad | |

**5.** Cad a bhí bunoscionn sa ghairdín?

| | |
|---|---|
| An bothán adhmaid | |
| Crann | |
| Fuinneoga | |

**Ceist 3** Freagair do rogha **dhá cheann** de (a), (b), (c) anseo thíos. **(60 marc)**

**(a)** Léigh **an t-alt** atá anseo thíos agus freagair na ceisteanna ar fad atá faoi. (30 marc)



## Rí na hIománaíochta

An bhfuil cluiche páirce ann atá chomh spreagúil leis an iománaíocht? Chuala gach páiste scoile in Éirinn faoi Shetanta agus é ag cleachtadh le sliotar agus le camán in Eamhain Mhacha na mílte bliain ó shin. Tá scéalta le cloisteáil fós faoi imreoirí cáiliúla mar Christy Ring agus Mick Mackey ach sa lá atá inniu ann, is é Henry Shefflin as Cill Chainnigh "Rí na hIománaíochta".

Rugadh Henry sa bhliain 1979. Agus é ar an meánscoil, ba léir go raibh bua na hiománaíochta aige. D'imir sé don chontae ar fhoireann na mionúr agus é seacht mbliana déag d'aois. Tosaí sciliúil cróga ba ea é. Scóráil sé chomh minic sin gur chuir sé eagla ar gach cúlaí agus ar gach cúl báire a bhí ina choinne.

D'imir Henry don chontae ar fhoireann na sinsear den chéad uair sa bhliain 1999. Bhuaigh sé a chéad bhonn sinsearach i gcoinne Uíbh Fhailí sa bhliain 2000. Bhuaigh Henry Craobh na hÉireann deich n-uaire san iomlán le linn dó a bheith ag imirt ar fhoireann na sinsear do Chill Chainnigh.

Bronnadh gradam "Imreoir na Bliana" air trí huaire. Tharla gortú dó cúpla uair agus b'éigean dó dul go dtí an t-ospidéal. Bhris sé cnámh ina chos chlé, mar shampla, nuair a bhí sé ag imirt dá chlub i mí na Nollag 2012.

I mí an Mhárta 2015, dúirt Henry Shefflin go raibh sé ag éirí as a bheith ag imirt don chontae. Tá dlúthbhaint aige leis an iománaíocht fós. Bíonn sé le feiceáil ar theilifís RTÉ anois ag déanamh anailíse ar na cluichí móra iománaíochta.

**Ceisteanna**

**1.** Cé hé "Rí na hIománaíochta" sa lá atá inniu ann?

| | |
|---|---|
| Henry Shefflin | |
| Christy Ring | |
| Setanta | |

**2.** Cathain a bhuaigh Henry a chéad bhonn sinsearach?

| | |
|---|---|
| 1979 | |
| 1999 | |
| 2000 | |

**3.** Cé mhéad uair a bhuaigh Henry Craobh na hÉireann?

| | |
|---|---|
| Trí huaire | |
| Seacht n-uaire | |
| Deich n-uaire | |

**4.** Cén gortú a tharla do Henry agus é ag imirt dá chlub i mí na Nollag 2012?

________________________________________

**5.** Cá mbíonn Henry le feiceáil anois?

| | |
|---|---|
| Ar pháirc na himeartha | |
| Ar theilifís RTÉ | |
| San ospidéal | |

**(b)** Léigh **an giota** seo a leanas agus freagair na ceisteanna ar fad atá faoi. (30 marc)

## Úna – Ceoltóir agus Moltóir



Tá clú agus cáil ar Úna Healy mar bhall den ghrúpa ceoil *The Saturdays*. Cé go bhfuil cónaí uirthi in Northampton faoi láthair bíonn sí ag obair i mBaile Átha Cliath freisin ar an gclár teilifíse *The Voice of Ireland*. Is minic a thugann Úna cuairt abhaile ar a baile dúchais, Durlas, i gContae Thiobraid Árann.

Rugadh Úna sa bhliain 1981. Ba é an snámh an caitheamh aimsire a bhí aici nuair a bhí sí sa bhunscoil. D'éirigh sí as an snámh nuair a bhí sí trí bliana déag d'aois agus thosaigh sí ag seinm an ghiotáir. Thosaigh sí ag canadh agus ag cumadh amhrán. Nuair a d'fhág Úna an mheánscoil, ní raibh sí cinnte cén tslí bheatha ba mhaith léi - a bheith ina banaltra nó ina ceoltóir nó ina múinteoir bunscoile. Ach ar deireadh, sa bhliain 2005, shocraigh sí ar bheith ina ceoltóir. Thaistil sí timpeall na hÉireann ag canadh ar feadh cúpla bliain. Bhí sí míshásta mar ní raibh dul chun cinn á dhéanamh aici. Sa bhliain 2007, d'imigh sí go Londain chun clú agus cáil a bhaint amach mar amhránaí.

Bhí an t-ádh uirthi. Fuair sí áit sa ghrúpa ceoil *The Saturdays*. Bhain siad barr na gcairteacha amach go minic. Tá Úna ina réalta anois. Thit sí i ngrá le himreoir idirnáisiúnta rugbaí, Ben Foden. Phós siad in Éirinn sa bhliain 2012. D'athraigh Úna a sloinne go Foden ansin. Is duine gnóthach í Úna. Bíonn sí ar an gclár *The Voice of Ireland* le Bressie agus le Kian Egan. Tá sí fós ag cumadh amhrán.

**Ceisteanna**

**1.** Cá bhfuil cónaí ar Úna faoi láthair?

| | |
|---|---|
| Baile Átha Cliath | |
| Durlas | |
| Northampton | |

**2.** Cén caitheamh aimsire a bhí ag Úna nuair a bhí sí sa bhunscoil?

| | |
|---|---|
| An giotár | |
| Snámh | |
| Canadh | |

**3.** Cén tslí bheatha a roghnaigh Úna sa bhliain 2005?

| | |
|---|---|
| Banaltra | |
| Ceoltóir | |
| Múinteoir bunscoile | |

**4.** Cén fáth ar imigh Úna go Londain sa bhliain 2007?

___________________________________________

**5.** Cén sloinne atá ar Úna anois?

| | |
|---|---|
| Egan | |
| Foden | |
| Healy | |


**(c)** Léigh **na véarsaí** seo a leanas agus freagair na ceisteanna ar fad atá fúthu. (30 marc)

## Sionnach na Cathrach

Ní mac tíre liath mé a fheictear sa zú,
Ná cat fiáin chomh mór le cú,
Ach sionnach ocrach, ag siúl na slí
I lár na cathrach ag lorg bia.

I mbosca bruscair faoi sholas lampaí
Faighim bia blasta a shásaíonn mo chroí –
Sceallóga nó sicín nó fiú uachtar reoite
Ithim gach rud ach amháin bia dóite.

Fillim ar mo leaba le héirí na gréine
Is codlaím go ciúin i rith an lae
Sionnach na Cathrach ina luí faoi sceach,
Ag fanacht, ag faire is ag éirí ocrach.



**Ceisteanna**

**1.** Cén t-ainmhí atá ag caint sna véarsaí seo?

| | |
|---|---|
| Cat | |
| Mac tíre | |
| Sionnach | |

**2.** Cén áit a mbíonn Sionnach na Cathrach ag lorg bia?

| | |
|---|---|
| I lár na cathrach | |
| Faoi sceach | |
| Sa zú | |

**3.** Cad a fhaigheann Sionnach na Cathrach a shásaíonn a chroí?

______________________________________________

**4.** Cén bia nach n-itheann Sionnach na Cathrach?

| | |
|---|---|
| Bia dóite | |
| Sicín | |
| Uachtar reoite | |

**5.** Cathain a chodlaíonn Sionnach na Cathrach?

| | |
|---|---|
| I rith na hoíche | |
| I rith an lae | |
| Le héirí na gréine | |

# Lean ar aghaidh go Cuid II : Roinn II

FREAGAIR **GACH** CEIST (**4** *AGUS* **5**)

Tá Ceist 4 ar na leathanaigh 14 agus 15.

Tá Ceist 5 ar na leathanaigh 16 agus 17.

**Ceist 4** Freagair (a) **NÓ** (b). **(40 marc)**


**(a)** Féach ar na pictiúir thíos.








Paul O'Connell




| | | | |
|---|---|---|---|
| Cén rud a bheidh ar siúl? Cén áit a mbeidh sí? | Cén lá? Dáta? Am? Cead isteach? | Cén t-aoi speisialta? | Cá rachaidh an t-airgead? |

Scríobh amach an **FÓGRA** a bhaineann leis an rud atá i gceist thuas.

## FÓGRA

**NÓ**

**(b)** Ba mhaith leat a bheith ag obair an samhradh seo i gCumann Gailf na Cille, An Cabhán.
Líon isteach **An Fhoirm Iarratais** atá anseo thíos. **[Nóta:** Is tusa *Tadhg de Brún*.]

***Cumann Gailf na Cille, An Cabhán***

**Foirm Iarratais do Phost Samhraidh**

Ainm: *Tadhg de Brún* Uimhir theileafóin: ……………………………..…….

Seoladh: ………………………………………………………………………………….................

……………………………………………………………………………………………………..

Aois: ………………………………………………. Dáta Breithe: ………………………………………

Cén Scrúdú Teistiméireachta atá déanta agat? ……………………………………………….......

Ainmnigh **cúig** ábhar scoile a rinne tú sa scrúdú sin: ………………………………………………..

…………………………………………………………………………………………………….

Luaigh **trí** chaitheamh aimsire atá agat: ………………......…………………..……………………..

……………………………………………………..……………………………………………..

An imríonn tú galf? ................……...................……………………………………………………..

An mbeidh tú sásta a bheith ag obair gach deireadh seachtaine? ..……………………………………..

An féidir leat tarracóir a thiomáint? ..................…………………………………………………….

Cén post ba mhaith leat? Cuir tic le ceann amháin (✓): Glantóir ☐ Garraíodóir ☐ Freastalaí ☐

Scríobh **alt gearr** (timpeall 40 focal) ag insint cén fáth ar mhaith leat post samhraidh sa chumann gailf seo.

________________________________________

________________________________________

________________________________________

________________________________________

________________________________________

________________________________________

________________________________________

________________________________________

________________________________________

Síniú: *Tadhg de Brún* Dáta: ____________________


**Ceist 5** Freagair (a) **NÓ** (b). **(50 marc)**

**(a)** Féach ar an bpictiúr thíos.

Bhí tú ag **Cóisir Lá Breithe** an tseachtain seo caite.
Tá tú chun **cuntas** (timpeall 90 focal) a scríobh in Iris na Scoile faoin gcóisir lá breithe sin.

Scríobh **an cuntas** sin (timpeall 90 focal) sa spás atá faoin bpictiúr.

## Cóisir Lá Breithe



**NÓ**

**(b)** Féach ar na pictiúir anseo thíos.

Tharla **an eachtra** seo agus tú ag dul go dtí an stáisiún traenach le do chara.
Tá tú chun scríobh faoin **eachtra** seo in Iris na Scoile (timpeall 90 focal).

Scríobh faoin **eachtra** (timpeall 90 focal) sa spás atá faoi na pictiúir.




| | | | |
|---|---|---|---|
| Fón póca<br>Málaí taistil | Faoi dheireadh<br>Ag cur báistí | An trácht go dona<br>Stoptha | Ródhéanach<br>Traein imithe |

## EACHTRA A THARLA

**Leathanach Bán**

**Leathanach Bán**

**Leathanach Bán**